# Sceideal Teilifíse 2

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil sonraí – graif<br>Tomhais – am<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhain Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• ráitis ghinearálta a thuiscint agus a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | táille, bunachar sonraí, barrachairt (aonair agus iomadúil), líneghraf, blocghraf, picteagram, píchairt, treoghraif, codáin, deachúlacha, céatadáin, meán, airmheán, mód, raon, minicíocht, a bhfuil an tóir is mó air, an bhfuil an tóir is lú air, scála, ais, cothrománach, ceartingearach, lipéad/lipéadaigh, eochair, fad, rangaigh, sceideal, am |
| **Áiseanna** | sceideal teilifíse samplach, bileog acmhainne an dalta |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Úsáideann daltaí sceideal teilifíse agus déanann siad anailís air le tacair shonraí éagsúla a chruthú agus a chur i láthair.

### 1 Gníomhaíocht 1

Tabhair sceideal teilifíse samplach do na daltaí. Labhair faoi na cineálacha difriúla clár agus a bhfaid. Cuir ceisteanna ábhartha sa dóigh go mbeidh na daltaí ábalta patrúin agus treochtaí a dheimhniú. Rangaigh cláir dá réir sin. Mar shampla, pléigh cá mhéad clár a mhaireann 30 bomaite nó níos mó, cá mhéad clár nuachta nó spóirt a thaispeántar. Lig do na daltaí ráitis ghinearálta a dhéanamh bunaithe ar an phlé, e.g. 'Maireann an chuid is mó de na cláir ar an chainéal seo níos mó ná 30 bomaite.'

### 2 Gníomhaíocht 2

Bunaithe ar rangú na gclár i nGníomhaíocht 1, cruthaíonn daltaí cairt, graf nó léaráid f(h)óirsteanach lena léiriú a bhfuil faighte amach acu. Is féidir barrachairt, líneghraf nó píchairt a úsáid leis an rud seo a dhéanamh. Pléigh na dóigheanna difriúla ar chuir na daltaí a gcuid sonraí i láthair.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuir sceidil theilifíse i gcomparáid thar chúpla lá nó thar sheachtain ar fad nó thar chainéil dhifriúla. Iarr ar na daltaí treochtaí a shainaithint agus a gcuid graf agus cairteacha a chruthú bunaithe ar a gcuid tuairimí. Mar shampla, cruthaigh graf nó cairt leis an fhad a mhaireann na cineálacha difriúla clár teilifíse a léiriú.

### 4 Gníomhaíocht 4

Déanann na daltaí anailís ar sceideal laethúil/seachtainiúil de réir minicíochta agus faid cineálacha áirithe clár. Lig do na daltaí a gcuid eolais ar chodáin, deachúlacha, céatadáin agus meáin le fadhbanna bunaithe ar an sceideal theilifíse a chruthú. Mar shampla, 'Cén céatadán/codán de na cláir a craoladh i nGaeilge an tseachtain seo?'

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cláir a bhfuil an tóir is mó/lú orthu ar Lá x?<br>• Cén cineál cláir a raibh an tóir is mó/lú air sa tseachtain? (mód)<br>• Cruthaigh go bhfuil níos mó de chlár x ná clár y.<br>• Cad é an fad meánach de chláir ar an chainéal seo?<br>• Cén céatadán de chláir craolta is cláir spóirt iad?<br>• Cad iad na dóigheanna difriúla ar féidir leat na sonraí seo a chur i láthair? | • Cad iad na patrúin is féidir leat a fheiceáil sna cineálacha clár taispeánta?<br>• Cad iad na dóigheanna difriúla ar féidir leat na sonraí seo a rangú?<br>• Cén t-eolas nach bhfuil ar fáil sa tacar sonraí seo?<br>• Cad é mar a sceidealófá cláir ar dhóigh dhifriúil don chainéal seo?<br>• Cad iad na dóigheanna eile ar féidir leat an t-eolas seo a chlóscríobh?<br>• Cad é a insíonn na sonraí seo duit? |

## Difreáil

Roghnaigh sceideal, critéir rangaithe agus cineál graif úsáidte de réir thuiscint na ndaltaí. Scafláil eolas de réir riachtanas na ndaltaí.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **France 24**<br>5:30am | **Cúla 4**<br>07:00am<br><br>NUA<br>**Alvinn and the Chipmonks**<br>7:02am<br><br>**Toon Marty**<br>7:13am<br><br>NUA<br>**Pat an Madra**<br>7:24am | **Cúla 4 Na**<br>7:30am<br><br>**Lá Le Mamó nó Daideo**<br>8:00am<br><br>NUA<br>**Mo Shaol Do Shaol**<br>10:00am<br><br>**Cruthaím**<br>1:00pm | **Mo Chlann Fhiáin**<br>5:30pm<br><br>**Cruthaím**<br>6:00pm<br><br>NUA<br>**The Wonder Years**<br>6:15pm<br><br>NUA<br>**The Golden Girls**<br>7:00pm |